RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/607 ÓN gCOIMISIÚN

an 15 Feabhra 2024

maidir leis na socruithe praiticiúla agus oibríochtúla i dtaca le feidhmiú an chórais comhroinnte faisnéise de bhun Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha')

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) ([1]), agus go háirithe Airteagal 85 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Seirbhísí Digiteacha i gcomhréir le hAirteagal 88 de Rialachán (AE) 2022/2065,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/2065 féachtar le spás digiteach sábháilte a áirithiú d'úsáideoirí, agus a áirithiú an tráth céanna go n-urramófar cearta bunúsacha. Déantar é sin trí oibleagáidí a fhorchur ar sholáthraithe seirbhísí idirghabhálacha chun scaipeadh inneachair neamhdhleathaigh ar líne a chosc agus trí bheartais mhodhnóireachta ábhair na soláthraithe sin a rialáil i ndáil lena seirbhísí. Chun maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí sin ag na soláthraithe sin, tá gá le comhar idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún, chomh maith le malartú rianúil faisnéise idir na Ballstáit agus leis an gCoimisiún.

(2) Chuige sin, le hAirteagal 85 de Rialachán (AE) 2022/2065 ceanglaítear ar an gCoimisiún córas comhroinnte faisnéise iontaofa, slán agus idir-inoibritheach, 'AGORA' anseo feasta, a bhunú agus a choinneáil ar bun lena dtacaítear le cumarsáid idir Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, an Coimisiún agus an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha ('an Bord'). Féadfar rochtain ar AGORA a thabhairt d'údaráis inniúla eile, i gcás inar gá, chun na cúraimí a thugtar dóibh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2065 a chur i gcrích. Ceanglaítear ar na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, ar an gCoimisiún agus ar an mBord AGORA a úsáid le haghaidh gach cumarsáid a dhéantar de bhun Rialachán (AE) 2022/2065.

(3) Is feidhmchlár bogearraí é AGORA atá inrochtana tríd an Idirlíon agus atá le forbairt ag an gCoimisiún. Cuireann AGORA sásra cumarsáide ar fáil chun malartú trasteorann faisnéise agus cúnamh frithpháirteach idir Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, an Coimisiún agus an Bord de bhun Rialachán (AE) 2022/2065 a éascú. Go háirithe, le AGORA ba cheart tacaíocht a thabhairt do na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, don Choimisiún agus don Bhord chun an malartú faisnéise a bhainistiú i ndáil le maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065 bunaithe ar nósanna imeachta simplí agus aontaithe.

(4) Leagtar amach sa Rialachán seo na socruithe praiticiúla agus oibríochtúla maidir le AGORA a chur ar bun, a choinneáil ar bun agus a oibriú chun maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065, agus féadfar a chumhdach leis sin, *inter alia*, malartú faisnéise duine le duine, nósanna imeachta um fhógra a thabhairt, sásraí foláirimh, socruithe cúnaimh fhrithpháirtigh agus réiteach fadhbanna idir Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, an Coimisiún, an Bord, agus údaráis inniúla eile ar tugadh rochtain dóibh ar AGORA de bhun Rialachán (AE) 2022/2065 ('gníomhaithe AGORA').

(5) I bhfianaise ábharthacht trasteorann agus trasearnála na seirbhísí idirghabhálacha, tá gá le hardleibhéal comhordaithe agus comhair i measc na ngníomhaithe ábhartha éagsúla chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán comhsheasmhach faoi Rialachán (AE) 2022/2065, agus go mbeidh faisnéis ábhartha ar fáil trí AGORA chun na críche sin.

([1]) IO L 277, 27.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2065/oj.

(6) Chun bacainní teanga a shárú, ba cheart AGORA a bheith ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais. Chuige sin, ba cheart na huirlisí iomlán uathoibrithe meaisínaistriúcháin atá ar fáil don Choimisiún faoi láthair a chur ar fáil in AGORA chun doiciméid agus teachtaireachtaí a mhalartaítear trí AGORA a aistriú. Ba cheart don Choimisiún na huirlisí sin a sholáthar do dhaoine nádúrtha atá ag obair faoi údarás na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, an Choimisiúin, an Bhoird nó údaráis inniúla eile ar tugadh rochtain dóibh ar AGORA ('úsáideoir AGORA'), agus d'úsáideoirí AGORA arna gceapadh mar riarthóirí ag na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, ag an gCoimisiún, agus ag an mBord ('riarthóir AGORA'). Ba cheart na huirlisí uathoibrithe meaisínaistriúcháin a bheith comhoiriúnach leis na ceanglais slándála agus rúndachta maidir le malartú faisnéise in AGORA.

(7) Chun a gcúraimí a chomhlíonadh faoi Rialachán (AE) 2022/2065, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, ar an gCoimisiún agus ar an mBord faisnéis a mhalartú a bhféadfadh sonraí pearsanta a bheith san áireamh inti. Ba cheart aon mhalartú faisnéise den sórt sin a bheith i gcomhréir leis na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta a leagtar síos i Rialacháin (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus (AE) 2018/1725 ([3]). Dá réir sin, an malartú sonraí pearsanta is gá chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh agus na cúraimí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/2065 a chomhlíonadh, tagann sé faoi raon feidhme próiseála dleathaí sonraí de bhun Airteagal 5, pointe (a) de Rialachán (AE) 2018/1725, agus Airteagal 6(1), pointe (e) de Rialachán (AE) 2016/679.

(8) AGORA an uirlis is ceart a úsáid chun faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear, i gcás inar gá, sonraí pearsanta, ar malartú é a dhéanfaí trí mhodhanna eile murach sin, lena n-áirítear gnáthphost nó ríomhphost ar bhonn oibleagáid dhlíthiúil arna forchur ar Chomhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, ar an gCoimisiún, ar an mBord, agus ar údaráis inniúla eile ar tugadh rochtain dóibh ar AGORA de bhun Rialachán (AE) 2022/2065. Níor cheart sonraí pearsanta a mhalartaítear trí AGORA a phróiseáil ach amháin chun críocha maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065. I gcás ina bpróiseáiltear sonraí pearsanta in oibriú AGORA chun faisnéis a chomhroinnt, a iarraidh agus a rochtain, iarrataí ar fhaisnéis a fhreagairt, tarchuir a dhéanamh, gníomhaíocht a iarraidh agus tacaíocht a iarraidh, ba cheart na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha a bheith ina rialaitheoirí ar leithligh de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 le haghaidh na ngníomhaíochtaí próiseála a dhéanann siad.

(9) Féadfaidh gach Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a chinneadh freisin AGORA a úsáid le haghaidh a ghníomhaíochtaí láimhseála cásanna féin a dhéantar chun maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065. I gcás nach bhfuil sonraí pearsanta le malartú in AGORA chun faisnéis a chomhroinnt, a iarraidh agus a rochtain, iarrataí ar fhaisnéis a fhreagairt, tarchuir a dhéanamh, gníomhaíocht a iarraidh agus tacaíocht a iarraidh, gach Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha agus, i gcás inarb infheidhme, údaráis inniúla eile ar deonaíodh rochtain dóibh ar AGORA, ba cheart dóibh a bheith ina rialaitheoir aonair de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725 i ndáil leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí a dhéantar trí bhíthin AGORA.

(10) Ba cheart tarchur, stóráil agus próiseáil eile sonraí pearsanta daoine nádúrtha a dhéanamh in AGORA chun tacú le cumarsáid idir gníomhaithe AGORA chun gníomhaíochtaí láimhseála cásanna a dhéanamh i ndáil le maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065.

(11) Ba cheart sonraí pearsanta a phróiseáil in AGORA a mhéid a bhfuil géarghá leis chun maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065. Ba cheart sonraí pearsanta a phróiseáil in AGORA, amhail sonraí aitheantais (e.g., ainm, leasainm, ailias, dáta breithe, áit bhreithe, náisiúntacht, doiciméid aitheantais, agus i gcás inar gá saintréithe eile ar dócha go gcabhróidis leis an duine a aithint), sonraí teagmhála (e.g. seoladh gairmiúil agus príobháideach, seoladh ríomhphoist, agus uimhir theileafón), sonraí maidir le rannpháirtíocht cásanna (e.g., post agus feidhm an duine nádúrtha i ngnóthas, róil eile amhail amhrastach, íospartach, sceithire, faisnéiseoir, agus finné), sonraí a bhaineann le cásanna (e.g. doiciméad, íomhá, físeán, taifeadadh gutha, ráiteas, tuairim, agus taifead) agus aon fhaisnéis eile a mheastar a bhfuil gá léi chun na ceanglais faoi Rialachán (AE) 2022/2065 a chomhlíonadh.

([2]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, agus lena n aisghairtear Treoir 95/46/CE (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(12) De réir na bprionsabal maidir le cosaint sonraí trí dhearadh agus trí réamhshocrú, ba cheart AGORA a fhorbairt agus a dhearadh agus aird chuí á tabhairt ar cheanglais na reachtaíochta maidir le cosaint sonraí, go háirithe mar gheall ar shrianta a fhorchuirtear ar rochtain ar shonraí pearsanta arna malartú in AGORA. Dá bhrí sin, ba cheart leibhéal cosanta agus slándála i bhfad níos airde a thabhairt le AGORA i gcomparáid le modhanna eile chun faisnéis a mhalartú amhail uimhir theileafón, an gnáthphost nó post leictreonach.

(13) Ba cheart don Choimisiún na bogearraí agus an bonneagar TF le haghaidh AGORA a sholáthar agus a bhainistiú, iontaofacht, slándáil, infhaighteacht, cothabháil agus oibriú AGORA a áirithiú, agus a bheith rannpháirteach in oiliúint riarthóirí AGORA agus úsáideoirí AGORA agus i gcúnamh teicniúil a thabhairt dóibh.

(14) Ba cheart inniúlacht na mBallstát a chinneadh cé na húdaráis náisiúnta a chomhlíonann na hoibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 49 agus Airteagal 62 de Rialachán (AE) 2022/2065. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann feidhmeanna agus freagrachtaí i ndáil le AGORA a oiriúnú chun a struchtúir inmheánacha riaracháin a léiriú, agus chun cineál sonrach oibre nó ord céimeanna i bpróiseas oibre ar leith a chur chun feidhme in AGORA.

(15) Ba cheart do gach Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha riarthóir AGORA amháin ar a laghad a cheapadh agus fógra a thabhairt don Choimisiún ina Bhallstát maidir le saincheisteanna a bhaineann le AGORA. Ba cheart gach Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha a bheith freagrach freisin as riarthóirí AGORA a cheapadh dá údaráis inniúla féin ar tugadh rochtain dóibh ar AGORA de bhun Rialachán (AE) 2022/2065. Ba cheart do gach riarthóir AGORA rochtain ar AGORA a chlárú, a dheonú agus a chúlghairm dá úsáideoirí AGORA féin. Chun maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán éifeachtúil a dhéanamh ar sheirbhísí faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2065 trí AGORA, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na hacmhainní is gá ag a riarthóirí AGORA agus a n-úsáideoirí AGORA faoi seach chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 50(1) de Rialachán (AE) 2022/2065.

(16) Maidir le faisnéis a fhaigheann Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha, an Coimisiún, an Bord, nó údarás inniúil eile ar deonaíodh rochtain ar AGORA dó trí AGORA ó Chomhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha eile, ón gCoimisiún, ón mBord, nó ó údarás inniúil eile den sórt sin, níor cheart a luach a bhaint di mar fhianaise in imeachtaí coiriúla, sibhialta nó riaracháin i gcomhréir le dlíthe ábhartha an Aontais agus leis na dlíthe náisiúnta ábhartha ar an aon fhoras amháin gur de thionscnamh Ballstáit eile í, nó go bhfuarthas í trí mheán leictreonach, agus ba cheart don ghníomhaí ábhartha AGORA caitheamh léi ar an mbealach céanna le doiciméid chomhchosúla de thionscnamh a Bhallstáit.

(17) Ba cheart é a bheith indéanta ainm agus sonraí teagmhála riarthóirí AGORA agus úsáideoirí AGORA a phróiseáil chun cuspóirí Rialachán (AE) 2022/2065 agus cuspóirí an Rialacháin seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear faireachán a dhéanamh ar úsáid AGORA ag riarthóirí AGORA agus ag úsáideoirí AGORA, tionscnaimh chumarsáide, oiliúna agus ardaithe feasachta, agus faisnéis a bhailiú i ndáil le maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh ar sheirbhísí faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2065, nó cúnamh frithpháirteach ina leith.

(18) Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán agus tuairisciú éifeachtach ar fheidhmiú AGORA, ba cheart do na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, don Bhord agus d'údaráis inniúla eile ar tugadh rochtain dóibh ar AGORA faisnéis ábhartha a chur ar fáil don Choimisiún.

(19) Ba cheart ábhair sonraí a chur ar an eolas i dtaobh phróiseáil a sonraí pearsanta in AGORA agus i dtaobh cearta a théann chun tairbhe dóibh, go háirithe an ceart rochtana ar shonraí a bhaineann leo, agus an ceart sonraí míchruinne a cheartú agus sonraí a próiseáladh go mídhleathach a scriosadh, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725.

(20) Gach gníomhaí AGORA, ina cháil mar rialaitheoir i ndáil leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí a dhéanann sé i dtaca le maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán ar sheirbhísí faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2065, ba cheart dó a áirithiú gur féidir le hábhair sonraí a gcearta a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725. Ba cheart a bheith san áireamh leis sin próiseas a bhunú chun tástáil, measúnú agus meastóireacht rialta a dhéanamh ar éifeachtúlacht na mbeart teicniúil agus eagraíochtúil chun slándáil na próiseála a áirithiú.

(21) Ba cheart faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus ar fheidhmíocht AGORA sa tuarascáil ar fheidhmiú AGORA bunaithe ar shonraí staidrimh ó AGORA agus ar sonraí ábhartha ar bith eile. Ba cheart don Choimisiún an tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, an Bhoird agus údarás inniúla eile ar tugadh rochtain dóibh ar AGORA bunaithe, *inter alia*, ar mheán-agaí freagartha chun freagraí éifeachtúla agus leormhaithe a áirithiú. Ba cheart aghaidh a thabhairt sa tuarascáil sin freisin ar ghnéithe a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta in AGORA, lena n-áirítear slándáil sonraí.

(22) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an 4 Eanáir 2024.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar síos leis an Rialachán seo na socruithe praiticiúla agus oibríochtúla maidir le feidhmiú córais comhroinnte faisnéise atá iontaofa agus slán, 'AGORA' anseo feasta, chun maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065.

Airteagal 2

Córas comhroinnte faisnéise

1. Bunaítear leis seo an córas comhroinnte faisnéise AGORA.

2. Is feidhmchlár bogearraí é AGORA atá inrochtana tríd an Idirlíon, agus is é an uirlis a úsáidtear chun faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear, i gcás inar gá, sonraí pearsanta, a tharlódh trí mhodhanna eile murach sin, lena n-áirítear an gnáthphost nó ríomhphost.

3. Úsáidfear AGORA chun faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear faisnéis ina bhfuil sonraí pearsanta a mhalartú, idir Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, an Coimisiún, agus an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha ('an Bord'), agus le húdaráis inniúla eile a dtugtar rochtain dóibh ar AGORA chun na cúraimí a thugtar dóibh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2065 a dhéanamh, i ndáil le maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh ar an rialachán sin.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, i dteannta na sainmhínithe a leagtar amach in Airteagal 3 agus in Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) 2022/2065, in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/679, agus in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) Ciallaíonn 'AGORA' an córas comhroinnte faisnéise arna bhunú agus arna choinneáil ar bun ag an gCoimisiún chun tacú le gach cumarsáid de bhun Rialachán (AE) 2022/2065 idir gníomhaithe AGORA chun maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065;

(b) Ciallaíonn 'gníomhaí AGORA' na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, an Coimisiún, an Bord, nó údaráis inniúla eile a dtugtar rochtain dóibh nó ar féidir rochtain a thabhairt dóibh ar AGORA i gcás inar gá chun na cúraimí a thugtar dóibh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2065 a dhéanamh;

(c) Ciallaíonn 'úsáideoir AGORA' duine nádúrtha atá ag obair faoi údarás gníomhaí AGORA, agus atá cláraithe amhlaidh in AGORA, chun na cúraimí a thugtar do ghníomhaí AGORA le Rialachán (AE) 2022/2065 a dhéanamh;

(d) Ciallaíonn 'riarthóir AGORA' úsáideoir AGORA arna cheapadh ag gníomhaí AGORA chun AGORA a bhainistiú don ghníomhaí sin.

CAIBIDIL II

FEIDHMEANNA AGUS FREAGRACHTAÍ I nDÁIL LE AGORA

Airteagal 4

Freagrachtaí an Choimisiúin

1. Beidh an Coimisiún freagrach as na cúraimí seo a leanas a dhéanamh maidir le AGORA:

(a) AGORA a chur ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, agus AGORA a choinneáil ar bun;

(b) iontaofacht, slándáil, infhaighteacht, cothabháil agus forbairt na mbogearraí agus an bhonneagair TF le haghaidh AGORA a áirithiú;

(c) uirlisí uathoibrithe meaisínaistriúcháin a chur ar fáil chun doiciméid agus teachtaireachtaí arna malartú trí AGORA a aistriú;

(d) tacaíocht a chur ar fáil do ghníomhaithe eile AGORA maidir le húsáid AGORA;

(e) riarthóir AGORA amháin ar a laghad a chlárú thar ceann gach Comhordaitheora Seirbhísí Digiteacha agus an Bhoird, agus rochtain ar AGORA a thabhairt dóibh;

(f) riarthóir AGORA amháin ar a laghad a cheapadh;

(g) oibríochtaí próiseála a dhéanamh ar shonraí pearsanta in AGORA, i gcás ina bhforáiltear dó sin sa Rialachán seo, chun maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065;

(h) iniúchadh, faireachán a dhéanamh, agus tuarascálacha a ullmhú a bhfuil gá leo chun iniúchadh agus faireachán a dhéanamh ar AGORA faoi Rialachán (AE) 2022/2065;

(i) eolas, oiliúint agus tacaíocht, lena n-áirítear cúnamh teicniúil, a chur ar fáil do riarthóirí AGORA;

(j) faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht gach gníomhaí eile AGORA faoin Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 15.

2. Chun cuidiú leis an gCoimisiún na cúraimí a liostaítear i mír 1 a dhéanamh, cuirfidh na gníomhaithe eile AGORA faisnéis ar fáil don Choimisiún a bhaineann le hoibríochtaí a dhéanann siad in AGORA.

Airteagal 5

Próiseáil sonraí pearsanta ag an gCoimisiún

1. Beidh an Coimisiún ina phróiseálaí de réir bhrí Airteagal 3, pointe (12), de Rialachán (AE) 2018/1725 i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus riarthóirí AGORA á gclárú aige.

2. Beidh an Coimisiún ina rialaitheoir ar leithligh de réir bhrí Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le próiseáil sonraí pearsanta a riarthóirí AGORA féin agus a úsáideoirí AGORA féin.

3. I gcás ina bpróiseálann an Coimisiún sonraí pearsanta in oibriú AGORA chun faisnéis a chomhroinnt, a iarraidh agus a rochtain, gníomhaíocht a iarraidh agus tacaíocht a iarraidh, measfar gur rialaitheoir ar leithligh é, de réir bhrí Airteagal 3, pointe (8), de Rialachán (AE) 2018/1725, ó ghníomhaithe eile AGORA le haghaidh na ngníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta a dhéanann sé.

4. I gcás ina bpróiseálann an Coimisiún sonraí pearsanta in oibriú AGORA thar ceann gníomhaithe eile AGORA chun faisnéis a chomhroinnt, a iarraidh agus a rochtain, gníomhaíocht a iarraidh agus tacaíocht a iarraidh, measfar gur próiseálaí é de réir bhrí Airteagal 3, pointe (12), de Rialachán (AE) 2018/1725.

5. Chun críocha an Rialacháin seo, déanfar freagrachtaí an Choimisiúin mar phróiseálaí le haghaidh gníomhaíochtaí próiseála sonraí a dhéanann na gníomhaithe eile AGORA sin in AGORA a shainiú i gcomhréir le hIarscríbhinn II.

Airteagal 6

Freagrachtaí na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha

1. Ceapfaidh gach Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha riarthóir AGORA amháin ar a laghad dá Bhallstát.

2. Beidh gach Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha freagrach as a áirithiú, i ndáil le feidhmiú na gcúraimí a thugtar dó i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2065, go mbeidh rochtain ag úsáideoirí údaraithe AGORA amháin ar AGORA.

3. Cuirfidh gach Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha an Coimisiún ar an eolas faoi riarthóir AGORA a cheapfaidh sé i gcomhréir le mír 1 gan mhoill. Roinnfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin leis na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha eile agus leis an mBord.

4. Áiritheoidh gach Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha go gcomhlíonfar freagrachtaí riarthóir AGORA de bhun an Rialacháin seo.

5. Beidh Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha ina rialaitheoirí ar leithligh de réir bhrí Airteagal 4, pointe (7), de Rialachán (AE) 2016/679 i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus a n-úsáideoirí AGORA á gclárú acu agus rochtain á tabhairt dóibh ar AGORA.

6. I gcás ina bpróiseálann na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha sonraí pearsanta in oibriú AGORA chun faisnéis a chomhroinnt, faisnéis a iarraidh agus a rochtain, iarrataí ar fhaisnéis a fhreagairt, tarchuir a dhéanamh, gníomhaíocht a iarraidh agus tacaíocht a iarraidh, beidh siad ina rialaitheoirí ar leithligh de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679 le haghaidh na ngníomhaíochtaí próiseála a dhéanann siad.

7. I gcás ina ndéanfaidh údaráis inniúla eile arna n-ainmniú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 49(1) de Rialachán (AE) 2022/2065, nach iad an Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha iad, sonraí pearsanta a phróiseáil in oibriú AGORA, beidh na húdaráis sin ina rialaitheoirí ar leithligh de réir bhrí Rialachán (AE) 2016/679.

Airteagal 7

Freagrachtaí an Bhoird

1. Ceapfaidh an Bord riarthóir AGORA amháin. Beidh riarthóir AGORA mar chuid den tacaíocht riaracháin agus anailíseach arna soláthar don Bhord de bhun Airteagal 62(4) de Rialachán (AE) 2022/2065.

2. Beidh an Bord freagrach as a áirithiú nach mbeidh rochtain ar AGORA ach ag úsáideoirí údaraithe AGORA.

3. Cuirfidh an Bord an Coimisiún ar an eolas gan mhoill faoi chéannacht a riarthóra AGORA arna cheapadh i gcomhréir le mír 1, agus faoi na cúraimí a bhfuil siad freagrach astu faoi Airteagal 8 den Rialachán seo. Roinnfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin leis na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha.

Airteagal 8

Freagrachtaí riarthóirí AGORA

Beidh riarthóirí AGORA freagrach as an méid seo a leanas:

(a) úsáideoirí AGORA a chlárú, agus rochtain ar AGORA a dheonú agus a chúlghairm;

(b) gníomhú mar phríomhphointe teagmhála an Choimisiúin maidir le saincheisteanna a bhaineann le AGORA, lena n-áirítear faisnéis a sholáthar maidir le gnéithe a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta i gcomhréir leis an Rialachán seo, le Rialachán (AE) 2016/679, agus le Rialachán (AE) 2018/1725;

(c) eolas, oiliúint agus tacaíocht, lena n-áirítear cúnamh teicniúil agus deasc cabhrach, a chur ar fáil do na riarthóirí AGORA atá cláraithe acu;

(d) soláthar éifeachtúil freagairtí leormhaithe ó ghníomhaithe AGORA a áirithiú.

Airteagal 9

Cearta rochtana ghníomhaithe AGORA

1. Déanfaidh gníomhaithe AGORA cearta rochtana a dheonú do riarthóirí AGORA a bhfuil siad freagrach astu, agus na cearta sin a chúlghairm.

2. Ní bheidh rochtain ar AGORA ach ag riarthóirí údaraithe AGORA agus ag úsáideoirí údaraithe AGORA.

3. Cuirfidh gníomhaithe AGORA modhanna iomchuí i bhfeidhm chun a áirithiú nach gceadófar do riarthóirí AGORA agus d'úsáideoirí AGORA rochtain a fháil ar shonraí pearsanta arna bpróiseáil in AGORA ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis sin chun maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065.

4. I gcás ina mbaineann próiseáil sonraí pearsanta le nós imeachta a bhaineann le maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065, ní bheidh rochtain ach ag riarthóirí AGORA agus ag úsáideoirí AGORA atá rannpháirteach sa nós imeachta sin ar na sonraí pearsanta sin.

Airteagal 10

Rúndacht

1. Déanfaidh gach Ballstát agus an Coimisiún a rialacha féin maidir le rúndacht ghairmiúil nó dualgais choibhéiseacha eile rúndachta a chur i bhfeidhm maidir lena riarthóirí AGORA agus a n-úsáideoirí AGORA i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó le dlí an Aontais.

2. Áiritheoidh gach gníomhaí AGORA go gcomhlíonfaidh riarthóirí AGORA agus úsáideoirí AGORA atá ag obair faoina n-údarás éilimh ó ghníomhaithe eile AGORA go ndéileálfaí go rúnda le faisnéis a mhalartaítear in AGORA.

CAIBIDIL III

PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA AGUS SLÁNDÁIL

Airteagal 11

Próiseáil sonraí pearsanta in AGORA

1. Ní fhéadfar sonraí pearsanta a tharchur, a stóráil agus a phróiseáil in AGORA ach amháin de réir mar is gá agus mar is comhréireach agus chun na gcríoch seo a leanas amháin:

(a) tacú le cumarsáid idir gníomhaithe AGORA i ndáil le maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065;

(b) láimhseáil cásanna ag gníomhaithe AGORA agus a ngníomhaíochtaí féin á ndéanamh acu i ndáil le maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065;

(c) claochluithe gnó agus teicniúla a dhéanamh ar na sonraí a liostaítear sa Rialachán seo, i gcás inar gá sin chun an malartú faisnéise dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) a chumasú.

2. Ní fhéadfar sonraí pearsanta a phróiseáil in AGORA ach amháin i ndáil leis na catagóirí seo a leanas d'ábhair sonraí:

(a) daoine nádúrtha a bhfuil a bhfaisnéis phearsanta i ndoiciméid arna fáil i ndáil le maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065;

(b) Riarthóirí AGORA agus úsáideoirí AGORA ar tugadh rochtain dóibh ar AGORA.

3. Ní fhéadfar sonraí pearsanta a phróiseáil in AGORA ach amháin i ndáil leis na catagóirí seo a leanas de shonraí pearsanta:

(a) sonraí aitheantais, sonraí teagmhála, sonraí faoi róil i gcásanna, sonraí a bhaineann le cásanna, agus aon fhaisnéis eile a mheastar is gá chun maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065;

(b) ainm, seoladh, faisnéis teagmhála, uimhir theagmhála, agus aitheantas úsáideora riarthóirí AGORA agus úsáideoirí AGORA dá dtagraítear i mír 2, pointe (b).

4. Stórálfaidh AGORA na catagóirí sonraí pearsanta a liostaítear faoi Airteagal 11(3) den Rialachán seo agus na logaí lena léirítear faisnéis faoi shreabhadh agus gluaiseachtaí na sonraí malartaithe a dhéantar chun maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065.

5. Déanfar na sonraí dá dtagraítear i mír 2 a stóráil trí bhonneagar teicneolaíochta faisnéise atá lonnaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a úsáid.

6. Áiritheoidh gach gníomhaí AGORA gur féidir le hábhair sonraí a gcearta a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725, agus beidh sé freagrach as na rialacháin sin a chomhlíonadh maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta a dhéanfar thar a cheann.

7. Na hÚdaráis Mhaoirseachta náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, gach ceann acu ag gníomhú dóibh laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí féin, áiritheoidh siad go ndéanfar maoirseacht chomhordaithe ar AGORA agus ar úsáid AGORA ag riarthóirí AGORA agus ag úsáideoirí AGORA.

Airteagal 12

Rialú comhpháirteach in AGORA

1. Beidh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha ina rialaitheoirí comhpháirteacha de bhun Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2016/679 maidir le tarchur, stóráil agus próiseáil eile sonraí pearsanta in AGORA i ndáil le gníomhaíochtaí an Bhoird arna ndéanamh i gcomhthéacs maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065.

2. Nuair a dhéantar imscrúduithe comhpháirteacha de bhun Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2022/2065 i gcomhthéacs maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065, beidh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha lena mbaineann ina rialaitheoirí comhpháirteacha, de réir bhrí Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) 2016/679, maidir le sonraí pearsanta a tharchur, a stóráil agus a phróiseáil ar bhealach eile in AGORA i gcomhthéacs imscrúdú comhpháirteach ar leith.

3. Chun críocha mhíreanna 1 agus 2, leithdháilfear freagrachtaí i measc rialaitheoirí comhpháirteacha i gcomhréir le hIarscríbhinn I.

4. Beidh an Coimisiún ina phróiseálaí de réir bhrí Airteagal 3, pointe (12), de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil a dhéantar thar ceann na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha chun críoch ghníomhaíochtaí an Bhoird, agus le haghaidh imscrúduithe comhpháirteacha de bhun Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2022/2065 arna ndéanamh i gcomhthéacs maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh faoi Rialachán (AE) 2022/2065.

Airteagal 13

An tslándáil

1. Cuirfidh an Coimisiún i bhfeidhm na bearta úrscothacha is gá chun slándáil na sonraí pearsanta arna bpróiseáil in AGORA a áirithiú, lena n-áirítear rialú iomchuí ar rochtain ar shonraí agus plean slándála a choinneofar cothrom le dáta.

2. Cuirfidh an Coimisiún na bearta úrscothacha is gá i bhfeidhm i gcás teagmhais slándála, déanfaidh sé gníomhaíocht feabhais, agus áiritheoidh sé go mbeifear in ann a fhíorú cé na sonraí pearsanta a próiseáladh in AGORA, cén uair a próiseáladh iad, cé a rinne an phróiseáil sin agus cad chuige a próiseáladh iad.

CAIBIDIL IV

FORÁLACHA CHRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 14

Aistriúchán

1. Cuirfidh an Coimisiún AGORA ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, agus cuirfidh sé uirlisí uathoibrithe meaisínaistriúcháin ar fáil d'úsáideoirí AGORA chun doiciméid agus teachtaireachtaí arna malartú in AGORA a aistriú.

2. Comhordaitheoir Seirbhísí Digiteacha nó aon údarás inniúil eile dá dtugtar rochtain ar AGORA, i ndáil le comhlíonadh aon cheann de na cúraimí a thugtar dó i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2065, féadfaidh sé aon fhaisnéis, doiciméad, toradh, ráiteas, nó cóip dhílis dheimhnithe a fuair sé in AGORA a tháirgeadh, ar an mbonn céanna le faisnéis chomhchosúil arna fáil ina thír féin, chun críocha atá comhoiriúnach leis na críocha sin ar bailíodh na sonraí ina leith ar dtús agus i gcomhréir le dlíthe ábhartha an Aontais agus leis na dlíthe náisiúnta ábhartha.

Airteagal 15

Faireachán agus tuairisciú

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán rialta ar fheidhmiú AGORA agus déanfaidh sé meastóireacht rialta ar fheidhmíocht AGORA.

2. Faoin 17 Feabhra 2027, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Áireofar sa tuarascáil sin faisnéis maidir leis an bhfaireachán agus leis an meastóireacht a dhéanfar i gcomhréir le mír 1, agus maidir le feidhmíocht ghníomhaithe AGORA i ndáil le AGORA d'fhonn comhroinnt éifeachtúil faisnéise agus freagraí leordhóthanacha a áirithiú. Tabharfar aghaidh sa tuarascáil freisin ar ghnéithe cur chun feidhme a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta in AGORA, lena n-áirítear slándáil sonraí.

3. Chun an tuarascáil dá dtagraítear i mír 2 a chur ar fáil, na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, an Bord agus údaráis inniúla eile dá dtugtar rochtain i gcás inar gá sin chun na cúraimí a thugtar dóibh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2065 a dhéanamh, déanfaidh siad, ar bhonn bliantúil, aon fhaisnéis atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a sholáthar don Choimisiún i bhfoirm tuarascálacha, lena n-áirítear faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas cosanta sonraí agus na slándála sonraí a leagtar síos ann.

Airteagal 16

Costais

1. Na costais a thabhófar chun AGORA a chur ar bun, a choinneáil ar bun agus a oibriú, cumhdófar iad leis na táillí maoirseachta bliantúla arna mbailiú ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 43(2) de Rialachán (AE) 2022/2065 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún ([4]).

2. Is é an Ballstát a íocfaidh aon chostas a thabhófar a bhaineann le hoibríochtaí AGORA ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear na hacmhainní daonna is gá le haghaidh gníomhaíochtaí oiliúna, cur chun cinn, cúnaimh theicniúil agus deisce cabhrach, agus na costais a bhaineann le AGORA a riar ar an leibhéal náisiúnta agus aon oiriúnú is gá ar líonraí náisiúnta agus ar chórais faisnéise.

Airteagal 17

Cur i bhfeidhm éifeachtach

Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfidh a ngníomhaithe AGORA an Rialachán seo i bhfeidhm ar bhealach éifeachtach.

Airteagal 18

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1127 ón gCoimisiún an 2 Márta 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leis na modheolaíochtaí agus na nósanna imeachta mionsonraithe maidir leis na táillí maoirseachta a ghearrann an Coimisiún ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne agus inneall cuardaigh an-mhór ar líne (IO L 149, 2.3.2023, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1127/oj).

IARSCRÍBHINN I

Freagrachtaí na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha mar rialaitheoirí comhpháirteacha le haghaidh gníomhaíochtaí próiseála sonraí a dhéantar i gcomhthéacs AGORA le haghaidh imscrúduithe comhpháirteacha agus le haghaidh ghníomhaíochtaí an Bhoird

ROINN 1

Foroinn 1

Raon feidhme an tsocraithe maidir le rialú comhpháirteach

(1) Beidh feidhm ag an socrú maidir leis an rialú comhpháirteach seo a leanas maidir leis na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha lena mbaineann agus imscrúduithe comhpháirteacha á ndéanamh acu de bhun Airteagal 60 de Rialachán (AE) 2022/2065.

(2) Beidh feidhm ag an socrú maidir leis an rialú comhpháirteach seo a leanas maidir leis na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha mar chomhaltaí den Bhord maidir le gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta an Bhoird de bhun Rialachán (AE) 2022/2065, arna ndéanamh i gcomhthéacs maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh ar sheirbhísí faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2065.

Foroinn 2

Leithdháileadh freagrachtaí

(1) Déanfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha sonraí pearsanta a phróiseáil trí AGORA.

(2) Leanfaidh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha de bheith ina rialaitheoirí aonair maidir le sonraí pearsanta a bhailiú, a úsáid, a nochtadh agus aon phróiseáil eile a dhéanamh orthu lasmuigh de AGORA. Leanfaidh na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha de bheith ina rialaitheoirí aonair freisin maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta a dhéanann siad laistigh de AGORA chun maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh ar sheirbhísí faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2065.

(3) Beidh gach rialaitheoir comhpháirteach freagrach as sonraí pearsanta a phróiseáil in AGORA i gcomhréir le hAirteagail 5, 24 agus 26 de Rialachán (AE) 2016/679.

(4) Bunóidh gach rialaitheoir comhpháirteach pointe teagmhála ag a mbeidh bosca ríomhphoist feidhmiúil le haghaidh cumarsáid idir na rialaitheoirí comhpháirteacha agus idir na rialaitheoirí comhpháirteacha agus an próiseálaí.

(5) Cuirfidh gach rialaitheoir comhpháirteach, arna iarraidh sin air, cúnamh tapa éifeachtúil ar fáil do na rialaitheoirí comhpháirteacha eile agus an socrú seo á fhorghníomhú acu, agus ceanglais uile is infheidhme Rialachán (AE) 2016/679 agus rialacha eile is infheidhme maidir le cosaint sonraí á gcomhlíonadh aige, lena n-áirítear oibleagáidí i leith a údaráis mhaoirseachta féin.

(6) Saineoidh na rialaitheoirí comhpháirteacha na módúlachtaí oibre trína ndéanfar sonraí pearsanta a phróiseáil trí AGORA, agus soláthróidh siad treoracha comhaontaithe don Choimisiún mar phróiseálaí.

(7) Is ó phointe teagmhála aon cheann de na rialaitheoirí comhpháirteacha a chuirfear treoracha chuig an bpróiseálaí, i gcomhaontú leis na rialaitheoirí comhpháirteacha eile. An rialaitheoir comhpháirteach a chuireann an treoir ar fáil, déanfaidh sé na treoracha a chur ar fáil don phróiseálaí i scríbhinn, agus gach rialaitheoir comhpháirteach eile a chur ar an eolas faoi sin. Má bhíonn an t-ábhar i dtrácht práinneach go leor ó thaobh ama de nach féidir cruinniú de na rialaitheoirí comhpháirteacha a thionól, is féidir treoir a thabhairt mar sin féin, ach is féidir leis na rialaitheoirí comhpháirteacha an treoir sin a chealú. Tabharfar an treoir sin i scríbhinn, agus cuirfear gach rialaitheoir comhpháirteach eile ar an eolas faoi sin tráth a thugtar an treoir.

(8) Ní chuirfidh na módúlachtaí oibre idir rialaitheoirí comhpháirteacha bac ar aon inniúlacht aonair atá ag na rialaitheoirí comhpháirteacha chun a nÚdarás Maoirseachta inniúil a chur ar an eolas i gcomhréir le hAirteagail 24 agus 33 de Rialachán (AE) 2016/679. Ní bheidh gá le toiliú na rialaitheoirí comhpháirteacha eile chun an fógra sin a thabhairt.

(9) Ní chuirfidh na módúlachtaí oibre idir rialaitheoirí comhpháirteacha bac ar aon rialaitheoir comhpháirteach oibriú i gcomhar lena Údarás Maoirseachta inniúil féin arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725.

(10) Ní bheidh rochtain ach ag daoine atá údaraithe ag gach rialaitheoir comhpháirteach ar na sonraí pearsanta a mhalartaítear.

(11) Coimeádfaidh gach rialaitheoir comhpháirteach taifead de na gníomhaíochtaí próiseála a thagann faoina fhreagracht. Léireofar an rialú comhpháirteach sa taifead sin.

Foroinn 3

Freagrachtaí agus róil maidir le hiarrataí na ndaoine is ábhar do na sonraí a láimhseáil agus iad a chur ar an eolas

(1) Cuirfidh gach rialaitheoir faisnéis ar fáil do dhaoine nádúrtha a bhfuil a sonraí á bpróiseáil le haghaidh imscrúduithe agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha an Bhoird a dhéantar i gcomhthéacs maoirseacht, imscrúdú, forfheidhmiú agus faireachán a dhéanamh ar sheirbhísí faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2022/2065, i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/679, mura rud é go mbeadh sé sin dodhéanta nó go mbeadh iarracht dhíréireach i gceist leis sin.

(2) Gníomhóidh gach rialaitheoir mar phointe teagmhála do dhaoine nádúrtha a bhfuil a sonraí próiseáilte acu agus láimhseálfaidh sé na hiarrataí arna gcur isteach ag daoine is ábhar do na sonraí nó ag a n-ionadaithe i bhfeidhmiú a gceart i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679. Má fhaigheann rialaitheoir comhpháirteach iarraidh ó dhuine is ábhar sonraí, a bhaineann le próiseáil arna déanamh ag rialaitheoir comhpháirteach eile, cuirfidh sé an duine is ábhar do na sonraí ar an eolas faoi chéannacht agus sonraí teagmhála an rialaitheora chomhpháirtigh atá freagrach. Má iarrann rialaitheoir comhpháirteach eile amhlaidh, tabharfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha cúnamh dá chéile chun iarrataí na ndaoine is ábhar do na sonraí a láimhseáil agus tabharfaidh siad freagra ar a chéile gan moill mhíchuí agus ar a dhéanaí laistigh de mhí amháin ón iarraidh ar chúnamh a fháil.

(3) Cuirfidh gach rialaitheoir ábhar na hIarscríbhinne seo ar fáil do na daoine is ábhar do na sonraí.

ROINN 2

Bainistiú teagmhas slándála, lena n-áirítear sáruithe ar shonraí pearsanta

(1) Tabharfaidh na rialaitheoirí comhpháirteacha cúnamh dá chéile chun aon teagmhas slándála, lena n-áirítear sáruithe ar shonraí pearsanta, a shainaithint agus a láimhseáil, ar teagmhais iad atá nasctha leis an bpróiseáil in AGORA.

(2) Go sonrach, cuirfidh na rialaitheoirí comhpháirteacha an méid seo a leanas in iúl dá chéile:

(a) aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann nó atá ann d'infhaighteacht, do rúndacht agus/nó do shláine na sonraí pearsanta a bhfuil próiseáil á déanamh orthu in AGORA;

(b) aon sárú ar shonraí pearsanta, na hiarmhairtí is dócha a bheidh ag an sárú ar shonraí pearsanta agus an measúnú ar an riosca atá ann do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha, agus aon bheart a dhéanfar chun aghaidh a thabhairt ar an sárú ar shonraí pearsanta agus chun an riosca do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha a mhaolú; agus

(c) aon sárú ar choimircí teicniúla agus/nó eagraíochtúla na hoibríochta próiseála in AGORA,

(3) Cuirfidh na rialaitheoirí comhpháirteacha aon sárú ar shonraí pearsanta a bhaineann leis an oibríocht próiseála in AGORA in iúl don Choimisiún, do na húdaráis mhaoirseachta inniúla um chosaint sonraí agus, i gcás inar gá, do na daoine is ábhar do na sonraí, i gcomhréir le hAirteagail 33 agus 34 de Rialachán (AE) 2016/679, nó tar éis don Choimisiún fógra a thabhairt ina leith.

(4) Cuirfidh gach rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme, ar bearta iad a cheapfar chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) infhaighteacht, sláine agus rúndacht na sonraí pearsanta a phróiseálann siad i gcomhpháirt a áirithiú agus a chosaint;

(b) sonraí pearsanta ar bith atá ina sheilbh a chosaint ar aon phróiseáil, caillteanas, úsáid, nochtadh nó fáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach; agus

(c) a áirithiú nach ndéanfar rochtain ar na sonraí pearsanta a nochtadh ná a dheonú d'aon duine eile seachas na faighteoirí nó an próiseálaí.

ROINN 3

Measúnú tionchair ar chosaint sonraí

Má tá faisnéis ó rialaitheoir eile ná ón bpróiseálaí ag teastáil ó rialaitheoir chun a oibleagáidí faoi Airteagail 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2016/679 a chomhlíonadh, seolfaidh sé iarraidh shonrach chuig an mbosca ríomhphoist feidhmiúil dá dtagraítear i bhForoinn 2(4) de Roinn 1. Déanfaidh an rialaitheoir eile sin a dhícheall aon fhaisnéis den sórt sinn a chur ar fáil.

IARSCRÍBHINN II

Freagrachtaí an choimisiúin mar phróiseálaí le haghaidh gníomhaíochtaí próiseála sonraí a dhéanann Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, údaráis náisiúnta eile agus an Bord i gcomhthéacs AGORA

(1) Déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas:

(a) bonneagar cumarsáide slán agus iontaofa, AGORA, a chur ar bun agus a áirithiú, thar ceann na gComhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, údarás náisiúnta eile agus an Bhoird, a thacaíonn le malartú faisnéise le haghaidh imscrúduithe comhordaithe, sásraí comhsheasmhachta agus gníomhaíochtaí comhordaithe an Bhoird, agus

(b) sonraí pearsanta a phróiseáil de réir treoracha doiciméadaithe ó na rialaitheoirí agus na rialaitheoirí comhpháirteacha amháin, mura n-éilítear déanamh amhlaidh faoi dhlíthe an Aontais nó faoi dhlíthe Ballstáit i gcás den sórt sin, cuirfidh an Coimisiún na rialaitheoirí agus na rialaitheoirí comhpháirteacha ar an eolas faoin gceanglas dlíthiúil sin sula ndéanfaidh sé an ghníomhaíocht próiseála, ach amháin má thoirmisctear, leis an dlí sin, an fhaisnéis sin a chur isteach ar fhorais thábhachtacha a bhaineann le leas an phobail.

(2) Chun a oibleagáidí a chomhlíonadh mar phróiseálaí do na Comhordaitheoirí Seirbhísí Digiteacha, d'údaráis náisiúnta eile agus don Bhord, féadfaidh an Coimisiún tríú páirtithe a úsáid mar fhophróiseálaithe. Sa chás sin, údaróidh na rialaitheoirí agus na rialaitheoirí comhpháirteacha don Choimisiún fophróiseálaithe a úsáid nó fophróiseálaithe a ionadú i gcás inar gá. Cuirfidh an Coimisiún na rialaitheoirí agus na rialaitheoirí comhpháirteacha ar an eolas faoi úsáid fophróiseálaithe nó faoi ionadú fophróiseálaithe, agus ar an gcaoi sin deis a thabhairt do na rialaitheoirí agus do na rialaitheoirí comhpháirteacha agóid a dhéanamh i gcoinne aon athrú den sórt sin. Áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh feidhm ag na hoibleagáidí cosanta sonraí céanna a leagtar amach sa Rialachán seo maidir leis na fophróiseálaithe sin.

(3) Beidh an méid seo i gceist leis an bpróiseáil a dhéanfaidh an Coimisiún:

(a) fíordheimhniú agus rialú rochtana maidir le riarthóirí uile AGORA agus úsáideoirí uile AGORA;

(b) riarthóirí AGORA agus úsáideoirí AGORA a údarú chun aon taifead agus faisnéis atá in AGORA a chruthú, a nuashonrú agus a scriosadh;

(c) na sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 12(3) den Rialachán seo arna n-uaslódáil ag úsáideoirí náisiúnta AGORA agus ag riarthóirí AGORA a fháil trí chomhéadan ríomhchláraithe feidhmchlár a chur ar fáil lenar féidir le húsáideoirí náisiúnta AGORA agus riarthóirí AGORA na sonraí ábhartha a uaslódáil;

(d) sonraí pearsanta a stóráil in AGORA;

(e) na sonraí pearsanta a chur ar fáil lena rochtain agus lena n-íoslódáil ag riarthóirí AGORA agus ag úsáideoirí AGORA agus le haon ghníomhaíocht próiseála sonraí eile is gá a dhéanamh;

(f) na sonraí pearsanta a scriosadh ar a ndáta éaga nó ar threoir a fháil don rialaitheoir a chuir isteach iad;

(g) nuair a bheidh deireadh leis an tseirbhís a sholáthar, sonraí pearsanta ar bith atá fágtha a scriosadh mura rud é go n-éilíonn dlíthe an Aontais nó dlíthe Ballstáit go ndéanfar na sonraí pearsanta sin a stóráil.

(4) Déanfaidh an Coimisiún gach beart úrscothach slándála eagraíochtúil, fisiceach agus loighciúil chun feidhmiú AGORA a áirithiú. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) eintiteas freagrach as bainistiú slándála AGORA a ainmniú, a fhaisnéis teagmhála a chur in iúl do na rialaitheoirí comhpháirteacha agus a áirithiú go bhfuil sé ar fáil chun freagairt do bhagairtí slándála;

(b) freagracht a ghlacadh as slándáil AGORA, lena n-áirítear tástálacha, meastóireachtaí agus measúnuithe a dhéanamh go tráthrialta ar na bearta slándála;

(c) a áirithiú go mbeidh riarthóirí AGORA agus úsáideoirí AGORA a dtugtar rochtain dóibh ar AGORA faoi réir oibleagáid chonarthach, ghairmiúil nó reachtúil maidir le rúndacht.

(5) Déanfaidh an Coimisiún gach beart slándála is gá ionas nach gcuirfear feidhmiú mín oibríochtúil AGORA i mbaol. Áireofar leis sin:

(a) nósanna imeachta maidir le measúnú riosca chun bagairtí féideartha do AGORA a aithint agus a mheas;

(b) nós imeachta iniúchta agus athbhreithnithe chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

— an comhfhreagras idir na bearta slándála a chuirtear chun feidhme agus an beartas slándála is infheidhme a sheiceáil;

— sláine chomhaid, paraiméadair slándála agus údaruithe deonaithe AGORA a rialú go rialta;

— sáruithe slándála agus ionsaithe ar AGORA a bhrath;

— athruithe a chur chun feidhme chun laigí slándála atá ann cheana in AGORA a mhaolú;

— na coinníollacha a shainiú faoina n-údarófar feidhmiú iniúchtaí neamhspleácha, lena n-áirítear arna iarraidh sin do na rialaitheoirí, agus faoina rannchuideofar leis na hiniúchtaí sin, lena n-áirítear na cigireachtaí agus athbhreithnithe ar bhearta slándála faoi réir coinníollacha lena n-urramaítear Prótacal (Uimh. 7) a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh;

(c) an nós imeachta rialaithe a athrú go doiciméad, an tionchar atá ag athrú a thomhas sula gcuirtear i bhfeidhm é, agus na rialaitheoirí comhpháirteacha a choimeád ar an eolas maidir le haon athrú a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chumarsáid le AGORA agus/nó do shlándáil AGORA;

(d) nós imeachta cothabhála agus deisiúcháin a leagan síos lena sonrófar na rialacha agus na coinníollacha atá le hurramú nuair atá trealamh AGORA le cothabháil agus/nó le deisiú;

(e) nós imeachta um theagmhais slándála a leagan síos chun an scéim tuairiscithe agus géaraithe a shainiú, na rialaitheoirí a ndearnadh difear dóibh a chur ar an eolas, na rialaitheoirí a chur ar an eolas gan mhoill ionas go dtabharfaidh siad fógra do na húdaráis náisiúnta mhaoirseachta um chosaint sonraí faoi aon sárú ar shonraí pearsanta, agus próiseas araíonachta a shainiú chun déileáil le sáruithe slándála in AGORA.

(6) Déanfaidh an Coimisiún bearta slándála úrscothacha fisiceacha agus loighciúla maidir leis na saoráidí a dhéanann AGORA a óstáil agus maidir leis na rialuithe ar shonraí agus maidir le rochtain slándála ar na sonraí sin. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

(a) slándáil fhisiceach a fhorfheidhmiú chun imlíne slándála soiléire a shuí agus chun sáruithe a bhrath in AGORA;

(b) an rochtain ar saoráidí AGORA a rialú agus clár cuairteoirí AGORA a choinneáil ar bun chun críocha an rianaithe;

(c) a áirithiú go ndéanfaidh foireann chuí-údaraithe daoine seachtracha dá dtugtar rochtain ar an áitreabh a thionlacan;

(d) a áirithiú nach féidir trealamh a thabhairt chun an áitribh, trealamh a ionadú nó trealamh a bhaint den láthair gan údarú a fháil roimh ré ó na comhlachtaí freagracha ainmnithe;

(e) rochtain ó AGORA agus ar AGORA a rialú;

(f) a áirithiú go ndéanfar riarthóirí AGORA agus úsáideoirí AGORA a bhfuil rochtain acu ar AGORA a shainaithint agus a fhíordheimhniú;

(g) athbhreithniú a dhéanamh ar na cearta údaraithe a bhaineann le rochtain ar AGORA i gcás sárú slándála a dhéanann difear do AGORA;

(h) sláine na faisnéise arna tarchur trí AGORA a choinneáil;

(i) bearta teicniúla agus eagraíochtúla slándála a chur chun feidhme chun rochtain neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta in AGORA a chosc;

(j) bearta a chur chun feidhme, nuair is gá, chun rochtain neamhúdaraithe ar AGORA a bhlocáil (i.e. suíomh/seoladh IP a bhlocáil).

(7) Déanfaidh an Coimisiún na nithe seo a leanas:

(a) bearta a dhéanamh chun a fhearann a chosaint, lena n-áirítear gearradh na gceangal, i gcás ina mbeidh diall substaintiúil ó na prionsabail agus ó na coincheapa maidir le cáilíocht agus slándáil;

(b) plean bainistithe riosca a choinneáil a bhaineann lena réimse freagrachta;

(c) faireachán a dhéanamh, i bhfíor-am, ar fheidhmíocht chomhpháirteanna seirbhíse uile AGORA, staidreamh rialta a chur ar fáil agus taifid a choimeád;

(d) tacaíocht a chur ar fáil i mBéarla maidir le AGORA do riarthóirí AGORA agus d'úsáideoirí AGORA;

(e) cúnamh a thabhairt do na rialaitheoirí agus do na rialaitheoirí comhpháirteacha trí bhearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun oibleagáid an rialaitheora iarrataí a fhreagairt maidir le feidhmiú chearta an ábhair sonraí a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán (AE) 2016/679;

(f) tacú leis na rialaitheoirí agus leis na rialaitheoirí comhpháirteacha trí fhaisnéis a sholáthar maidir le AGORA chun na hoibleagáidí de bhun Airteagail 32, 33, 34, 35 agus 36 de Rialachán (AE) 2016/679 a chur chun feidhme;

(g) a áirithiú nach féidir le haon duine nach bhfuil údaraithe rochtain a fháil ar na sonraí a phróiseáiltear laistigh de AGORA;

(h) gach beart ábhartha a dhéanamh chun rochtain neamhúdaraithe ar shonraí pearsanta tarchurtha trí AGORA a chosc;

(i) bearta a dhéanamh chun cumarsáid idir na rialaitheoirí agus na rialaitheoirí comhpháirteacha a éascú;

(j) taifead a choimeád de na gníomhaíochtaí próiseála a dhéantar thar ceann na rialaitheoirí agus na rialaitheoirí comhpháirteacha i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de Rialachán (AE) 2018/1725.